**Faisnéis faoin mbeart leantach a rinneadh maidir leis an ngearán a cláraíodh faoin uimhir thagartha CHAP(2013)2870**

Tagraíonn an Coimisiún Eorpach don tsraith gearán a fuair sé maidir leis an mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith bainte as conarthaí téarma shocraithe comhleantacha in earnáil phoiblí na hIodáile.

Is iad seo a leanas na conarthaí agus na fostaithe lena mbaineann:

- baill foirne atá fostaithe i bhfondúireachtaí ceoldrámaíochta agus ceolfhoirne na hIodáile;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le múinteoirí agus le baill foirne cúnta de chineál riaracháin agus teicniúil chun folúntais shealadacha a líonadh;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le baill foirne cúraim sláinte, ar a n-áirítear bainisteoirí, sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le hoibrithe in earnáil an ardoideachais san ealaín, sa cheol agus sa damhsa, earnáil arb é an *Ministero dell'Istruzione Università e Ricerca* ('MIUR'), an Aireacht um Oideachas, um Ollscoileanna agus um Thaighde, atá ina údarás maoirseachta uirthi;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích i gcomhréir le Dlí Uimh. 240 an 30 Nollaig 2010. I nDlí Uimh. 240 an 30 Nollaig 2010, tá rialacha maidir le heagrú ollscoileanna, agus maidir le pearsanra acadúil agus maidir lena n-earcú;
- caidrimh fostaíochta idir fostóirí in earnáil na talmhaíochta agus oibrithe ar chonarthaí téarma shocraithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 12, fomhír 2 de Fhoraithne Reachtach Uimh. 373 an 11 Lúnasa 1993;
- gairm chun seirbhíse ar fhoireann dheonach na briogáide náisiúnta dóiteáin.

<u>An dlí is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh</u>

I gclásal 5(1) den Chreat-Chomhaontú maidir le hobair téarma shocraithe a tugadh i gcrích idir Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann, Cónaidhm na nGnóthas Eorpach agus Lárionad Eorpach na bhFostóirí agus na bhFiontar a sholáthraíonn Seirbhísí Poiblí agus atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE ("an Creat-Chomhaontú")[1], foráiltear, chun cosc a chur le mí-úsáid a eascraíonn as úsáid conarthaí fostaíochta téarma shocraithe comhleantacha nó caidrimh fostaíochta téarma shocraithe chomhleantacha, go ndéanfaidh na Ballstáit, i gcás nach ann cheana do bhearta dlíthiúla coibhéiseacha, ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a thabhairt isteach:

[1] Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gCreat-Chomhaontú maidir le hobair téarma shocraithe a tugadh i gcrích idir Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann, Cónaidhm na nGnóthas Eorpach agus Lárionad Eorpach na bhFostóirí agus na bhFiontar a sholáthraíonn Seirbhísí Poiblí, IO L 175, 10.07.1999, lch. 43.

(a) cúiseanna oibiachtúla a leagan síos atá ina n-údar cuí le conarthaí nó caidrimh den sórt sin a athnuachan;
(b) an fad iomlán uasta a leagan síos le haghaidh conarthaí fostaíochta téarma shocraithe comhleantacha nó caidrimh fostaíochta téarma shocraithe chomhleantacha;
(c) an líon uaireanta a fhéadtar conarthaí nó caidrimh den sórt sin a athnuachan a leagan síos.

Chun go gcomhlíonfar clásal 5(1) den Chreat-Chomhaontú, ní mór a dheimhniú gur chun freastal ar riachtanais shealadacha atá conarthaí fostaíochta téarma shocraithe comhleantacha nó caidrimh fostaíochta téarma shocraithe chomhleantacha á n-athnuachan agus nach bhfuil aon fhoráil náisiúnta á húsáid chun freastal ar riachtanais an fhostóra i dtaca le foireann ar théarma socraithe agus foireann bhuan[2].

I mí Mheán Fómhair 2016, chuir cúirt shibhialta de chuid na hIodáile (*Tribunale di Trapani*) iarraidh ar réamhrialú chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), i gCás C-494/16, *Santoro*, agus í ag lorg treoir maidir le cé acu a chuireann nó nach gcuireann dlí na hIodáile cosaint éifeachtach ar fáil – go háirithe cúiteamh leordhóthanach – d'fhostaithe de chuid na hearnála poiblí ar sáraíodh a gcearta faoi chlásal 5(1) den Chreat-Chomhaontú.[3]

Tháinig an cheist sin chun cinn i gcomhthéacs inarbh amhlaidh gur neamhionann an chaoi a rabhthas ag cur na rialacha náisiúnta ina leith sin i bhfeidhm maidir le fostaithe na hearnála príobháidí agus fostaithe na hearnála poiblí. Má tá duine fostaithe san earnáil phríobháideach ar feadh tréimhse níos faide ná an teorainn ama a leagtar síos sa chonradh nó ar feadh tréimhse níos faide ná an teorainn uasta 36 mhí, foráiltear i reachtaíocht na hIodáile go ndéanfar an conradh fostaíochta téarma shocraithe a iompú go huathfheidhmeach ina chonradh tréimhse éiginnte san earnáil phríobháideach. I gcás fostaithe na hearnála poiblí, áfach, déantar an cúiteamh a theorannú do shuim ráta chomhréidh agus d'íocaíocht damáistí i leith cailleadh deiseanna fabhracha.

Sa rialú uaidh an 7 Márta 2018, dheimhnigh CBAE go bhféadann na Ballstáit caitheamh ar bhealach difriúil, san earnáil phoiblí, le mí-úsáid conarthaí téarma shocraithe comhleantacha, ar choinníoll gurb ann do bhearta éifeachtacha eile.

Toisc nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ann go ndéanfaí conarthaí téarma shocraithe a iompú ina gconarthaí buana i gcás oibrithe sa tseirbhís phoiblí (ós rud é gur gá go n-éireoidh leis na hoibrithe sin i gcomórtas oscailte sula bhféadfar oibrithe buana a dhéanamh díobh), dheimhnigh CBAE freisin nach bhfuil na hoibrithe sin i dteideal cúiteamh a fháil, mar atá fostaithe na hearnála príobháidí, i gcás nár iompaíodh a gconradh ina chonradh buan. Mar sin féin, ba cheart fostaithe na hearnála poiblí a bheith i dteideal cúiteamh a fháil i leith cailleadh deise. Cé go bhfágtar faoin gcúirt náisiúnta an cúiteamh sin a ríomh, thug CBAE le fios, sa tagairt a rinne sé do na deacrachtaí a bhaineann lena thaispeáint gurb ann do chailleadh deise, nach ar an bhfostaí ba cheart an dualgas a bheith a chruthú gurbh ann don chailleadh deise sin.

D'fhéadfadh dualgas cruthúnais atá ró-ard an bonn a bhaint ón éifeacht atá le haon bheart ar leith. De bharr na ndeacrachtaí a bhaineann lena thaispeáint gurb ann do chailleadh deise, thug CBAE dá aire go sásófaí na ceanglais maidir le héifeachtacht ach sásra um thoimhde a thabhairt isteach, sásra a bheadh ceaptha chun a ráthú go mbeadh an fhéidearthacht ag oibrí ar

[2] Maidir leis sin, féach an breithiúnas a tugadh an 26 Eanáir 2012 i gcás *Kücük*, C-586/10, EU:C:2012:39, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear ann, agus an breithiúnas a tugadh an 26 Samhain 2014 i gcás *Mascolo et al.*, C-22/13, C-61/13, C-63/13 agus C-418/13, EU:C:2014:2401, mír 101.
[3] Cás C-494/16, *Santoro*, EU:C:2018:166.

bhain caill dó as siocair cailleadh deiseanna fostaíochta de dheasca mí-úsáid conarthaí téarma shocraithe comhleantacha, go mbeadh an fhéidearthacht aige na hiarmhairtí a bheadh ag sárú den sórt sin ar dhlí an Aontais a chur ar neamhní.

Tagraíonn CBAE freisin do bhearta eile atá ann cheana chun mí-úsáid conarthaí téarma shocraithe a chosc agus a phionósú, amhail an dliteanas bainisteoirí, rud a chumhdaítear in Airteagal 36(5) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 165/2001.

Is é conclúid CBAE gur faoin gcúirt a d'iarr an réamhrialú atá sé a dheimhniú cé acu atá nó nach bhfuil na pionóis a fhorchuirtear ar údaráis phoiblí faoi láthair (an cúiteamh cnapshuime, an cúiteamh i leith cailleadh deise, agus dliteanas an bhainisteora) sách éifeachtach agus sách athchomhairleach chun a áirithiú gur lánéifeachtach na forálacha arna nglacadh de bhun an Chreat-Chomhaontaithe.

Leis seo, tagraíonn CBAE arís dá thábhachtaí atá sé an fhéidearthacht a bheith ag an bhfostaí brath ar thoimhde sa chiall is gur faoin Stát atá sé a chruthú nár bhain caill, de dheasca cailleadh deise ar fhostaíocht, don fhostaí a bhí fostaithe ar chonarthaí téarma shocraithe comhleantacha a bhí éagórach nó nach n-éireodh leis an bhfostaí sin i gcomórtas earcaíochta dá mba rud gur eagraíodh comórtas earcaíochta mar ba chuí.

Fágann an rialú go mbeidh sé níos éasca amach anseo d'oibrithe earnáil phoiblí na hIodáile a bhí fostaithe ar chonarthaí téarma shocraithe comhleantacha a bhí éagórach cúiteamh a fháil i leith an chaillte deise a bhain dóibh de bharr na gconarthaí téarma shocraithe comhleantacha éagóracha sin.

Thairis sin, in imeachtaí eile (Cás C-494/17 *Rossato*)[4], chuir an *Corte d'Appello di Trento* iarraidh ar réamhrialú chuig CBAE, agus treoir á lorg ag an gcúirt maidir le cé acu a thugtar nó nach dtugtar le Dlí Uimh. 187 de 2015 cosaint éifeachtach – go háirithe cúiteamh leordhóthanach – d'fhostaithe AFAM ar sáraíodh a gcearta faoi chlásal 5(1) den Chreat-Chomhaontú. D'fhiafraigh an Chúirt a d'iarr an réamhrialú an bhfuil na bearta a fhoráiltear i nDlí Uimh. 187 de 2015 comhréireach, sách éifeachtach agus sách athchomhairleach chun a áirithiú gurb éifeachtach clásal 5(1) den Chreat-Chomhaontú maidir le hobair téarma shocraithe.

Bhí an tUasal Rossato ina mhúinteoir ar feadh tréimhse aon bhliain déag agus dhá mhí, ar 17 gcinn de chonarthaí téarma shocraithe.

Cé go bhforáiltear i ndlí na hIodáile, arna leasú le Foraithne na Dínite (Dlí Foraithne Uimh. 87 an 12 Iúil 2018, arna iompú agus arna leasú le Dlí Uimh. 96 an 9 Lúnasa 2018), go measfar, i gcás duine atá fostaithe san earnáil phríobháideach ar shraith de chonarthaí téarma shocraithe ar feadh tréimhse fhoriomlán is faide ná 12 mhí (agus i gcásanna áirithe 24 mhí), go bhfuil an duine sin fostaithe ar chonradh fostaíochta tréimhse éiginnte, eisiatar fostaithe de chuid na hearnála poiblí ón riail sin.

In 2015, achtaíodh dlí Iodálach (Dlí Uimh. 107 de 2015) lenar tugadh isteach uasteorainn 36 mhí ar an bhfad a bheidh i gconarthaí téarma shocraithe, amhail ón 1 Meán Fómhair 2016 agus cuireadh ar bun modh earcaíochta ar leith le haghaidh baill foirne múinteoireachta, rud a fhágann go mbeifear in ann conarthaí den chineál sin a thabhairt 'chun cobhsaíochta'. Ní

---

[4] Cás C-494/17, Rossato, ECLI:EU:C:2019:387.

dhéantar leis sin conarthaí téarma shocraithe comhleantacha a iompú go huathfheidhmeach go conradh tréimhse éiginnte, ach déantar foráil leis le haghaidh conradh nua tréimhse éiginnte.

I gcás oibrithe de chuid na hearnála poiblí, déantar foráil i reachtaíocht na hIodáile maidir le cúiteamh a thabhairt i leith damáiste a bhain don oibrí, agus an cúiteamh sin in dhá fhoirm – cúiteamh le suim ráta chomhréidh, nó damáistí i leith deiseanna fabhracha a cailleadh – ach níl an cúiteamh sin infheidhme maidir le hearnáil na scoileanna. Is cosúil gurb é an réasúnaíocht atá ina bhonn leis an difríocht sin ná nach bhfuil fáil ar chobhsú na gconarthaí ag fostaithe de chuid na hearnála poiblí atá lasmuigh d'earnáil na scoileanna, ach os a choinne sin go bhfuil fáil ar an gcobhsú conartha sin, agus tairbhe as, ag fostaithe de chuid na hearnála poiblí atá laistigh d'earnáil na scoileanna (ach Dlí Uimh. 107 de 2015 a bheith tagtha i bhfeidhm).

An breitheamh a d'iarr an réamhrialú i gcás *Rossato*, chuir sé an cheist seo a leanas ar CBAE:

'An ea gurb é léirmhíniú nach mór a dhéanamh ar Chlásal 5(1) den Chreat-Chomhaontú go gcoisceann sé cur i bhfeidhm Airteagal 1(95), Airteagal 1(131) agus Airteagal 1(132) de Dhlí Uimh. 107/2015, airteagail lena ndéantar foráil maidir le hiompú conarthaí téarma shocraithe múinteoirí sealadacha ina gconarthaí tréimhse éiginnte le héifeacht sa todhchaí, gan éifeacht chúlghabhálach agus gan cúiteamh i leith damáiste, mar bhearta atá comhréireach, sách éifeachtach agus sách athchomhairleach chun a áirithiú, i dtaca leis na bearta a leagtar síos sa Chreat-Chomhaontú, go bhfuil na bearta sin lánéifeachtach a mhéid a bhaineann le sárú a dhéanfaí ar an gcomhaontú sin trí mhí-úsáid conarthaí téarma shocraithe comhleantacha le linn na tréimhse roimh an tréimhse a bhfuil sé ceaptha feidhm dlí a bheith lena linn ag na bearta a leagtar amach sna forálacha sin?'

Sa bhreithiúnas a thug CBAE, dearbhaítear mar a leanas:

- Iompú an chonartha téarma shocraithe a bhí éagórach, is beart éifeachtach é sin, as féin, chun cosc a chur leis an éagóir agus, dá bhrí sin, ní fhorchuirtear leis an gCreat-Chomhaontú cúiteamh a thabhairt i leith an damáiste a fulaingíodh roimh iompú an chonartha.

- Cé gur léir go bhfuil gá le solúbthacht ar leith san earnáil oideachais, ní féidir do na Ballstáit neamhaird a thabhairt ar an oibleagáid bearta iomchuí a leagan síos atá dírithe ar phionós cuí a ghearradh i dtaca le mí-úsáid conarthaí téarma shocraithe comhleantacha. Dá ainneoin sin, fágtar acu an rogha, faoin gCreat-Chomhaontú, maidir leis an gcaoi a ndéanfaidh siad sin.

- Beart den sórt sin a bheadh dírithe ar phionós a ghearradh i dtaca le mí-úsáid, ba cheart é a bheith comhréireach agus éifeachtach. Cé gur féidir don Bhallstát riachtanais earnála áirithe a chur san áireamh, ní féidir dó rótheorannú a dhéanamh ar éifeacht chúlghabhálach na sinsearachta. Sa chomhthéacs seo, is é ba cheart a bhaint de bhrí as sinsearacht go gcuirtear san áireamh na blianta a chaith an t-oibrí ag obair ar chonarthaí fostaíochta téarma shocraithe agus go ndéantar an t-áireamh ar na blianta sin ag an am a mbronntar tionacht ar an oibrí sin. Maidir leis an dáta a shocraítear i ndáil le háireamh na sinsearachta, ba cheart fad thréimhse na mí-úsáide (11 bhliain sa chás seo) a chur san áireamh agus an dáta sin á shocrú.

Tá dlí náisiúnta na hIodáile scrúdaithe ag an gCoimisiún a mhéid a bhaineann le clásal 4 agus clásal 5 den Chreat-Chomhaontú a bheith á gcomhlíonadh ag an dlí sin, agus tá sé tagtha ar an gconclúid nach gcomhlíonann sé na forálacha sin. Dá bhrí sin, tá litir fógra fhoirmiúil curtha ag an gCoimisiún chuig an Iodáil an 25 Iúil 2019. Maidir le tuilleadh eolais a fháil ar an nós imeachta sin, díríonn an Coimisiún aird ar an bpreaseisiúint a d'eisigh sé an 25 Iúil 2019.[5]

Coinneoidh an Coimisiún na gearánaigh ar an eolas, tríd an suíomh gréasáin seo[6], faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh i leith an nós imeachta um shárú sin.

[5] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/inf_19_4251
[6] https://ec.europa.eu/info/about-european-commission/contact/problems-and-complaints/how-make-complaint-eu-level/joining-similar-complaints/decisions-multiple-complaints_ga